A Aire

Tá an-áthas orainn an ceathrú tuarascáil bhliantúil seo a chur i do láthair, le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais mar a fhorordaítear in Acht an Gharda Síochána 2005 ('an tAcht').

Clúdaíonn an tuarascáil seo an bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009, an dara bliain fhéilire iomlán d'oibríochtaí an Choimisiúin.

Lean an Coimisiún ar le hathmheasúnú a dhéanamh air a chuid oibríochtaí in gcoinne chúlra an staid airgeadais atá ann i láthair na huaire, le súil le héifeachtúlachtaí níos mó a bhaint amach agus a chuid ceanglais oibríochtúla a chomhlíonadh.

Leanann imlonnú líon Oifigigh Imscrúduithe chuig ionaid réigiúnacha de bheith éifeachtach ó thaobh costais de.

De réir an phlean eagraíochtúil a fógraíodh in 2006 tá aonad oibríochtúil lonnaithe sa Longfort. D'éirigh go maith leis sin freisin ó thaobh éifeachtachta agus éifeachtúlachta de.

Tugadh chun críche le linn na bliana 2009 athstruchtúrú na Roinne Oibríochta, ar cuireadh tús leis in 2008. Agus na hOifigigh Imscrúdaithe agus Cás-Oifigigh ag oibriú mar aon roinn amháin anois, faoin Stiúrthóir Oibríochtaí, fuarthas réidh go héifeachtúil leis an gcéad chuid den riaráiste gearáin.

Ailínithe leis sin, rinneadh athmhúnlú ar fheidhmeanna agus ar struchtúr na Roinne Riaracháin ionas go bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar na hathruithe agus tacú go hiomlán le croífheidhmeanna eagraíochtúla an chórais gearán agus imscrúdaithe.

Nuair a bhí an t-athstruchtúrú sin tugtha chun críche, rinneadh sraith athbhreithnithe de Phríomhtháscairí Feidhmíochta (Aguisín 1) a dhréachtadh agus ghlac an Coimisiún leo. Tá na mionsonraí leagtha amach sa tuarascáil.

Lean an Coimisiún de bheith páirteach go forghníomhach lena chuid geallsealbhóirí le linn na bliana.

Cuireann an Coimisiún béim faoi leith ar na gníomhaíochtaí oiliúna agus cumarsáide sin, le haird á tabhairt ar an gcuspóir atá leagtha síos san Acht, sé sin cur le muinín sa chóras le himscrúdú a dhéanamh ar ghearáin.

Choinnigh an Coimisiún caidreamh rialta lena mhacsamhail d'eagraíochtaí i dTuaisceart Éireann, i Sasana agus sa Bhreatain Bheag agus in Albain. Táthar ag leanúint le comhrá táirgiúil inár measc maidir le dea-chleachtais agus

caighdeáin agus nithe a bhaineann leis sin. Leanann an Coimisiún, ar scála idirnáisiúnta níos leithne, le caidreamh a choinneáil le comhlachtaí maoirseachta ar fud na hEorpa agus i Meiriceá Thuaidh go háirithe.
Lean an Coimisiún de bheith comhfhiosach maidir lena chuid dualgais i ndáil le Cearta Daonna a chosaint. Cuireadh béim ar na dualgais sin sna cláir oiliúna foirne leanúnacha ar tugadh fúthu le linn na bliana. Lean
an Coimisiún lena rannpháirtíocht le Coimisiún Cearta Daonna na hÉireann ar feadh na bliana.

Tosaíodh an athuair comhráití le hoifigigh do Roinnse agus le Coimisinéir an Gharda Síochána maidir le leasuithe reachtaíochta a d'fhéadfaí a dhéanamh ar Acht an Gharda Síochána 2005 nuair a cheap an tUachtarán Mhic Ghiolla Íosa an tUasal Dermot Gallagher mar chathaoirleach ar an GSOC i mí Aibreáin.

Bhí tuairim léirithe ag an gCoimisiún i dtuarascáil na bliana 2008 go gcuideodh leasuithe áirithe ar an Acht go mór linn le tuilleadh éifeachtúlachtaí a bhaint amach agus le feabhas a chur ar an dearcadh i measc an phobail agus na ngardaí araon maidir leis an gcóras maoirseachta a bheith ina chóras atá cothrom agus éifeachtach.

Tá meitheal oibre a dhéanann ionadaíocht ar an GSOC agus ar Choimisinéir an Gharda Síochána ag scrúdú athruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh lena gcur os comhair do Roinnse lena mbreithniú. Ag an am céanna, tá athbhreithniú á dhéanamh ag an meitheal oibre ar na Prótacail oibríochtúla a comhaontaíodh idir an GSOC agus an Garda Síochána sa bhliain 2007, de réir mar a éilítear faoin Acht.

Tá áthas orainn a thuairisciú go bhfuil dul chun cinn mór déanta i ndáil leis na comhráití sin agus tá an Coimisinéir dóchasach go mbeifear in ann na leasuithe molta comhaontaithe a chur os comhar do Roinn níos déanaí sa bhliain. Táthar dóchasach freisin, gur féidir na Prótacail leasaithe comhaontaithe a chur i bhfeidhm sna míonna atá romhainn.

Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt do chomhoibriú, do chúirtéis agus do thacaíocht oifigigh do Roinne le linn na bliana.
Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt freisin do chúirtéis agus do chomhoibriú gníomhach Choimisinéir an Gharda Síochána agus a chuid oifigigh.
Go háirithe, ba mhaith linn a chur in iúl go leanann caidreamh oibríochtúla de bheith gairmiúil agus éifeachtach ar an talamh ag leibhéal Roinne agus ag leibhéal Ceantair.

Bhí comhráití torthúla againn le cumainn fhoirne laistigh den Gharda Síochána agus ba mhaith linn aitheantas a thabhairt dóibh as a gcomhoibriú, a gcomhairle agus a gcúirtéis.

Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt freisin do chomhoibriú agus do thacaíocht na gníomhaireachtaí Stáit éagsúla le linn na bliana, áirítear orthu sin, an tSeirbhís Cúirteanna, an tSeirbhís Cróinéirí, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit, Oifig Phaiteolaí an Stáit agus Saotharlann Dlí-Eolaíochta an Stáit.

Ba mhaith linn ár meas maidir le hobair fhoireann an GSOC le linn na bliana a chur in iúl. Chuaigh an ghairmiúlacht, fuinneamh agus tiomantas atá léirithe acu i bhfeidhm go mór orainn ó bunaíodh an coimisiún. Táimid thar a bheith buíoch as an tsolúbthacht agus inoiriúnaitheacht atá léirithe agus sinn i mbun athstruchtúrú na heagraíochta.

Litir chuig an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

Achoimre Feidhmeach

CAIBIDIL 1: Gearáin agus Imscrúduithe

1.1. An Roinn Oibríochta

An Rannóg Cásoibre

An Fhoireann Réamh-Inghlactha

An Fhoireann (Réitigh) Iar-Inghlactha

An Rannóg Imscrúdaithe

1.2 Gearáin a ghlacadh

1.3 An Líon Gearán

1.4 Líomhaintí

Cineálacha líomhaintí
Fachtóir
Láthair

1.5 Gearánaithe

Inscne an Ghearánaí
Aois an Ghearánaí
Náisiúnacht an Ghearánaí

1.6. Gardaí a bhí faoi réir ag gearán

Líomhaintí in aghaidh Roinne
Céim
Inscne an Gharda

1.7 Tarchuir faoi alt 102

Tarchuir in aghaidh Roinne

Aois an pháirtí dhíobhálaithe Neamhgharda

Inscne an pháirtí dhíobhálaithe neamhgharda

Díobhálacha a fuarthas agus cineál díobhála

An bealach ina bhfuarthas an díobháil

Fachtóir i dtarchuir alt 102

An lá den tseachtain

An t-am den lá

1.8. Alt 102(4) – Imscrúduithe ar mhaithe le Leas an Phobail

1.9 Freagairt do Ghearáin agus do Tharchuir

Inghlacthacht
Torthaí

Réiteach neamhfhoirmiúil

Alt 94U: Imscrúdú Garda gan mhaoirseacht

Alt 94S: Imscrúdú Garda faoi mhaoirseacht an GSOC

Alt 95 imscrúdú

Alt 98 imscrúdú

1.10 Alt 106 - Scrúdú ar chleachtais, ar bheartais agus nósanna imeachta an Gharda Síochána

1.11 Prótacail

CAIBIDIL 2: Muinín an Phobail a Spreagadh

2.1 For-rochtana don Phobal

Daoine Óga ar an imeall

2.2 For-rochtana do Ghardaí

2.3 Grúpa Comhairleach

2.4. Soláthar Eolais

Na Meáin

Fiosrúcháin

Láithreán Gréasáin

Rannpháirtíocht acadúil

Teagmhálacha Idirnáisiúnta

Cuairteanna ar an GSOC

2.5 Suirbhé ar dhearcadh an phobail

CAIBIDIL 3: Riarachán agus Tacaíocht

3.1 Forléargas bainistíochta

3.2 Airgeadas

3.3. Acmhainní Daonna agus Oiliúint (HR/T)

Tabhairt Isteach Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS)

Oiliúint agus forbairt leanúnach

Coiste Comhpháirtíochta

3.4 An Rannóg Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (ICT)
Tacaíocht lá go lá do sheirbhísí gutha agus sonraí
An Córas Cásbhainistithe

An córas anailíse imscrúdaithe

Láithreán Gréasáin

Infrastruchtúr IT in oifigí réigiúnacha GSOC

Coiste Stiúrtha ICT

3.5 Gnóthaí Dlí

Comhairle Dlí

Dlíthíocht

3.6 Seirbhísí Corparáideacha

Dílárú
Sláinte & Sábháilteacht
An Grúpa Oibre Glas

3.7 Cumarsáid agus Taighde

Na Meáin

Leabharlann

Taighde

3.8 An Rannóg Bheartais

CAIBIDIL 4: Conclúid

Liosta Cairteacha

Cairt 1 Cineálacha Líomhaintí

Cairt 2 Fachtóirí sa Ghearán
Cairt 3 Láthair na Líomhna
Cairt 4 Inscne an Ghearánaí
Cairt 5 Aois an Ghearánaí
Cairt 6 Náisiúnacht an Ghearánaí
Cairt 7 Céim an Gharda
Cairt 8 Inscne an Gharda
Cairt 9 Aois an Pháirtí Díobhálaithe

Cairt 10 Inscne an Pháirtí Díobhálaithe
Cairt 11 Cineálacha agus Minicíocht Díobhála
Cairt 12 An bealach ina bhfuarthas an díobháil
Cairt 13 Fachtóirí i dTarchuir
Cairt 14 Lá tarchuir na seachtaine
Cairt 15 Am Tarchuir den lá
Cairt 16 Stádas Inghlacthachta Gearán (%)

Liosta Táblaí

Tábla 1 Modh Glactha Gearán
Tábla 2 Tríchur gearán
Tábla 3: Toradh ar Réiteach Neamhfhoirmiúil
Tábla 4: Toradh ar Alt 94U
Tábla 5: Toradh ar Alt 94S
Tábla 6: Toradh ar Alt 95
Tábla 7: Comhaid a seoladh chuig an DPP - Toradh
Tábla 8 Caiteachas agus Coigiltis

Liosta Mapaí

Mapa 1 Líomhain in aghaidh Roinne seachas DMR
Mapa 2 Líomhaintí in aghaidh Roinne sa DMR

Mapa 3 Tarchuir in aghaidh Roinne seachas DMR

Mapa 4 Tarchuir in aghaidh Roinne: DMR

Aguisíní

Aguisín 1: Táscairí Feidhmíochta Lárnacha

Aguisín 2: Oiliúint agus Forbairt

Acrainmneacha

AST	An Fhoireann Tacaíochta Riaracháin
CMS	An Córas Cásbhainistithe
DMR	Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath
DJELR	An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
An DPP	An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
GSIO	Oifigeach Imscrúdaithe an Gharda Síochána
GSOC	Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána
ICT	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
IPCC	Coimisiún Gearán Neamhspleách na bPóilíní (do Shasana agus don Bhreatain Bheag)
KPI	Táscairí Feidhmíochta Lárnacha
NUI	Ollscoil na hÉireann
OPONI	Oifig Ombudsman na bPóilíní do Thuaisceart Éireann
PMDS	Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta

Achoimre Fheidhmeach

Fuarthas iomlán de 2,097 gearán i rith na bliana. As na gearáin sin a fuarthas in 2009, ba 3,509 líon iomlán na líomhaintí a d'eascair astu. Measadh go raibh 1,178 de na líomhaintí sin neamh-inghlactha. Chomh maith leis sin fuair Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (GSOC) 1,543 fiosrúchán eile ón bpobal i gcoitinne maidir leis an bpróiseas chun gearáin a dhéanamh.

Ar na cineálacha líomhaintí ba choitianta bhí mí-úsáid údaráis, sárú dualgais, míchúirtéis agus cionta neamh-mharfacha in aghaidh an duine.

D'fhreagair an Coimisiún do 104 tarchur ón nGarda Síochána faoi alt 102 d'Acht an Gharda Síochána 2005 (an tAcht). Tarlaíonn tarchuir dá leithéid sin nuair a mheasann Coimisinéir an Gharda Síochána go bhféadfadh bás nó díobháil thromchúiseach duine a bheith tar éis tarlú de thoradh iompar comhalta den Gharda Síochána.

Bhí 15 bás ar na hábhair a tarcuireadh don GSOC faoi alt 102 i rith na bliana. D'éirigh caoga faoin gcéad acu sin as teagmhais trácht ar bhóithre. Tharla ceann amháin le linn a bheith faoi choimeád na nGardaí

Osclaíodh dhá imscrúdú chun leasa an phobail, faoi alt 102(4), le linn na bliana.

Seoladh cúig chomhad agus fiche go dtí an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DPP) le go ndéanfadh sé iad a mheas. D'ordaigh an DPP ionchúiseamh i chúig chás.

Bhuail na Coimisinéirí go foirmiúil le Coimisinéir an Gharda Síochána agus lena fhoireann shinsearach ar bhonn tréimhse sé mhí.
Reáchtáladh cruinniú den Ghrúpa Comhairleach le linn na bliana, ina raibh Bainistíocht an Gharda Síochána, cumainn fhoirne, oifigigh ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus eile, páirteach.

Mar a bhí i mblianta roimhe sin, bhí ionchur leanúnach ag pearsanra an GSOC i gcúrsaí ionduchtúcháin agus i gcúrsaí ardoiliúna araon i gColáiste an Gharda Síochána. Go cómhalartach, thug foireann oiliúna an Gharda Síochána roinnt cuairteanna ar oifigí an GSOC chomh maith.

Leanadh le Clár For-Rochtana an Choimisiúin, a thugann míniú maidir le feidhmeanna agus le hoibríocht an GSOC do ghrúpa pobail, d’eagraíochtaí tacaíochta, do mhionlaigh eitneacha agus eile.

Lean an GSOC le heolas a sholáthar i rith na bliana do pháirtithe leasmhara, trína sheirbhís lá agus oíche do na meáin, le freagraí ar cheisteanna ó chomhlachtaí stáit, eagraíochtaí pobail, tráchtairí acadúla, ionadaithe tofa agus daoine aonair.

Rinne an GSOC bainistiú ar a chuid airgeadais, le linn bliain ina raibh srianta fioscacha i gceist, ar bhealach inar fanadh laistigh dá bhuiséad leithdháilte, buiséad a bhí laghdaithe mar gheall ar na deacrachtaí eacnamaíochta atá againn i láthair na huaire.

Tugadh an t-athstruchtúrú inmheánach ar cuireadh tús leis sa bhliain 2008 chun críche in 2009. Is é an tionchar a bhí aige sin ná gur tugadh na hoifigigh cásoibre agus imscrúdaithe ar fad isteach i Roinn Oibríochtaí na heagraíochta, rud a chiallaigh éifeachtúlachtaí níos fearr. Fuarthas réidh beagnach le riaráiste na gcásanna a bhí ag fanacht le cinneadh inghlacthachta, cásanna a bhí cruachta i dtús an tréimhse oibríochtúil.

Cuireadh feabhas ar an infrastruchtúr IT. Rinneadh uasghrádú ar an gCóras Cásbhainistithe (CMS) le comhad-rianú agus aitheantas treochtaí a leasú. Tosaíodh uirlisí anailíseacha imscrúdaithe breise. Cuir an ghné Browse Aloud ar an láithreán gréasáin phoiblí leis an tseirbhís do lucht lagamhairc.

D’éirigh go maith le tabhairt isteach an Chórais Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS). Tugadh an oiliúint foirne sa PMDS chun críche agus rinneadh lánpháirtiú ar an PMDS mar chuid de chur chuige bainistíochta an GSOC.

Lean an GSOC lena thiomantas i leith oiliúna agus forbairt ghairmiúil leanúnach. Rinneadh oiliúint foirne a éascú trí laethanta oiliúna intí, freastail agus tacaíocht cúrsaí tiomnaithe tríd an Scéim Aisíoc Táillí.

CAIBIDIL 1: Gearáin agus Imscrúduithe

1.1. An Roinn Oibríochtaí

Déantar na gearáin agus na himscrúduithe ar fad a eascraíonn as tarchuir nó mar thoradh ar leas an phobail a phróiseáil tríd an Roinn Oibríochtaí (Oibríochtaí) Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (GSOC). I dtéarmaí acmhainní is í an Roinn sin an tiomantas is mó atá déanta ag an eagraíocht. Cruthaíodh í as cumasc idir na rannóga Cásoibre agus Imscrúduithe.

Tá oibríochtaí comhdhéanta de thrí chuid anois, Cásobair, Imscrúduithe agus an Fhoireann Tacaíochta Riaracháin (AST) nuabhunaithe. Tá an próiseas riaracháin sruthlínithe ag an AST trasna dhá chuid oibríochtúil de Roinn agus tá comhsheasmhacht agus éifeachtúlacht bainte amach maidir le tabhairt chun críche tascanna ó lá go lá. Tá saoradh déanta ag bunú an AST ar Chás Oifigigh agus ar Imscrúdaitheoirí agus tá deis acu acmhainní a dhíriú ar phríomhthascanna. Tá deis tugtha don eagraíocht níos mó acmhainní a dhíriú ar bhainistiú cásanna, éascú a dhéanamh ar chinnteoireacht ag an leibhéal is cuí agus córais agus próisis nua a thabhairt isteach chun freastal ar éilimh mar gheall ar na héifeachtúlachtaí atá bainte amach tríd an gcónascadh sin.

An Rannóg Cásoibre

Is í an Rannóg Cásoibre de na hOibríochtaí an chéad phointe teagmhála do dhaoine den phobal ar mian leo gearán a dhéanamh leis an GSOC. Déileálann sí freisin sa chumas sin, le líon mór fiosrúcháin a fhaigheann an eagraíocht. Faoi dheireadh na bliana 2009 bhí 17 Cás Oifigeach ag oibriú sa rannóg, arb ionann é agus laghdú de 3 ar líon na foirne a bhí fostaithe sa rannóg in 2008.

Ar mhaithe le feabhsúcháin a bhaint amach in éifeachtúlacht, caighdeán, seachadadh seirbhíse agus luach ar airgead, roinneadh Cásobair ina dhá réimse freagrachta – réimse amháin ag déileáil le cásanna réamh-inghlactha agus an dara réimse ag déileáil le cásanna iar-inghlactha.

An Fhoireann Réamh-Inghlactha

Tá an fhoireann atá ag déileáil le cásanna réamh-inghlactha freagrach as na gearáin a fhaightear ó dhaoine den phobal a thógáil agus a thaifeadadh agus na feidhmeanna riaracháin a éilítear tar éis gearán a fháil a chomhlíonadh. Idirghníomhaíonn siad ar bhonn laethúil leis an bpobal agus le comhaltaí an Gharda Síochána i bpearsa nó ar an teileafón. Tá siad freagrach as a chinntiú go bhfaightear dóthain eolais óna gearánaithe a luaithe agus is féidir ar mhaithe le cinneadh a dhéanamh maidir le hinghlacthachta gearán.

Tá feabhas curtha le linn na bliana 2009 ar an bpróiseas réamh-inghlacthachta a mhéid is go mbíonn cinneadh déanta laistigh de ceithre seachtaine ón ngearán a fháil cibé an bhfuil an gearán inghlactha nó neamh-inghlactha i ndáil leis an gcuid is mó de na cásanna nach bhfuil deacracht ag baint leo. Tá amlínte leagtha síos agus táthar ag súil go gcuirfidh na gearánaithe an t-eolas atá riachtanach ar fáil laistigh de na hamlínte sin, ina dhiaidh sin, bunaithe ar an eolas atá ar fáil, déantar cinneadh maidir le hinghlacthacht.

Ina theannta sin déanann an fhoireann sin bainistiú ar líon mór fiosruithe a fhaigheann an Roinn, agus d’eascair gearán foirmiúil mar thoradh ar roinnt acu sin.

An Fhoireann (Réitigh) Iar-Inghlactha

Déanann an fhoireann sin bainistiú ar chásanna a mbreithnítear iad a bheith oiriúnach do Réiteach Neamhfhoirmiúil (IR) agus déantar iad sin a tharchur do Choimisinéir an Gharda Síochána ar mhaithe le himscrúdú gan mhaoirseacht faoi alt 94(1) den Acht. Tá an fhoireann roinnte ina dá leath, agus tá cuid den fhoireann ag bainistiú cásanna IR agus an chuid eile ag bainistiú cásanna a tharchuirtear chuig Coimisinéir an Gharda Síochána.

Áirítear ar na catagóirí gearán a bhreithníonn an GSOC a bheith go ginearálta oiriúnach do IR, gearáin ina ndéantar líomhaintí maidir le míchúirtéis, neamhshibhialtacht agus sárú dualgais. D’fhéadfaí cur síos a dhéanamh ar líon mór de na gearáin sin mar ghearáin “seirbhíse do chustaiméirí”. Cé gur tháinig roinnt ardaithe ar líon na gcásanna a réitíodh go rathúil tríd an IR sa bhliain 2009, bhí líon mór nach rabhthas in ann réiteach a fháil orthu. Tar éis comhrá leis an ngearánaí agus le comhalta an Gharda Síochána a bhí páirteach sa chás, rinneadh roinnt acu a tharchur chuig Coimisinéir an Gharda Síochána faoi alt 94(1) den Acht agus rinneadh roinnt acu a scor ag teacht le halt 93(1)(c) den Acht mar gur breithníodh nach raibh tuilleadh fiosruithe riachtanach nó a mhéid is féidir le réasún.

Bíonn imscrúdú gearáin a chinntear a bheith inghlactha agus a dhéantar a tharchur chuig Coimisinéir an Gharda Síochána faoi alt 94(1) den Acht le himscrúdú ag Oifigeach Imscrúdaithe an Gharda Síochána (GSIO) faoi Rialacháin an Gharda Síochána (Smacht) 2007. Tá freagracht ar an fhoireann Réitigh maidir le bainistiú a dhéanamh ar ghearáin atá tarchurtha do Choimisinéir an Gharda Síochána faoin alt sin den Acht.
Déanann siad athbhreithniú ar bhonn rialta ar na comhaid ghearán agus déanann siad iarracht a chinntiú go reáchtáiltear imscrúdú an Gharda Síochána laistigh de na creataí ama comhaontaithe mar atá sainithe sna Prótacail atá comhaontaithe idir Coimisinéir and Ghara Síochána agus an GSOC agus go ndéantar na páirtithe leasmhara a chur ar an eolas mar is cuí.

Idirghníomhaíonn an fhoireann Réitigh ar bhonn rialta le gearánaithe, GSIOnna agus le gardaí atá faoi réir ag gearán le linn tréimhse an imscrúdaithe, le súil le dualgais an GSOC a chomhlíonadh faoi alt 103 den Acht.

Tá feabhas tagtha ar an am a thógann sé chun imscrúduithe a thabhairt chun críche mar thoradh ar phróisis gnó feabhsaithe agus mar gheall ar mheabhrúcháin a eisiúint go tráthúil don GSIO.

An Rannóg Imscrúdaithe

Tá oiliúint imscrúdaitheoirí curtha ar bhonn foirmiúil ag an GSOC agus tá samhail chreidiúnaithe idirnáisiúnta comhaontaithe acu lena macsamhail de ghníomhaireachtaí maoirseachta póilíní i dTuaisceart Éireann, in Albain, i Sasana agus sa Bhreatain Bheag. Fuair thart ar 70% d'imscrúdaitheoirí an GSOC creidiúint ag an gcaighdeán sin le linn na bliana 2009 agus tá sé i gceist go mbeidh creidiúint á fháil ag an gcuid eile den fhoireann imscrúdaithe in 2010.

Tá an chreidiúint bunaithe ar bhonnchúrsa san imscrúdú agus sa dlí coiriúil atá á chur ar fáil ag *Portsmouth University (U.K.),* ag Cumann Onórach Óstaí an Rí agus ag foireann an GSOC féin. Reáchtáladh an cúrsa den dara huair sa bhliain 2009 d'oifigigh a earcaíodh sa bhliain 2008 agus d'éirigh go maith leis.

Tá caidreamh oibre gairmiúil forbartha idir Oifigigh Imscrúdaithe Sinsearacha an GSOC agus Oifigigh Cheantair an Gharda Síochána ar fud na tíre, maidir le hábhair a imscrúdú faoi réir alt 102 den Acht, go háirithe.

Tá oiliúint curtha ag an GSOC ar Oifigigh Idirchaidrimh Theaghlaigh, le héascú a dhéanamh ar imscrúdú teagmhais chriticiúla, agus áirítear i measc a gcuid tascanna oibriú le teaghlaigh atá faoi bhrón. Tá oiliúint curtha ag an GSOC ar ochtar foirne in Imscrúduithe Láithreacha Coire freisin. Bhí na hoifigigh sin ríthábhachtach ó thaobh idirchaidreamh éifeachtach a fhorbairt le Biúró Teicniúil an Gharda Síochána agus leis an tSaotharlann Dlí-Eolaíochta Feidhmíonn siad mar chuiditheoirí d'Imscrúdaitheoirí

Sinsearacha maidir le comhairle a thabhairt i ndáil le bainistiú ar an láthair agus fianaise a fháil i dteagmhais thromchúiseacha.

Chuir oiliúint eagraíochtúil le mionleasuithe ar Pholasaí Bainistiú Foilseán an GSOC agus le leathadh amach oiliúint inmheánach don fhoireann maidir le láimhseáil, pacáistiú agus lipéadú fianaise.

Críochnaigh baill fhoirne na Roinne Oibríochta oiliúint i ndáil le daoine leochaileacha agus leanaí a chur faoi agallamh de réir cheanglas reachtúil.

Éilíodh ar Oifigigh Ainmnithe a theacht os comhair na gCúirteanna Dúiche agus na gCúirteanna Cuarda, tar éis treoracha i leith ionchúiseamh ón DPP de bhun comhaid a sheol an GSOC chun a oifig sa bhliain 2009. Ciallaigh rannpháirtíocht in imeachtaí cúirte freisin eagrúchán a dhéanamh ar fhinnéithe agus cothabháil agus cur i láthair a dhéanamh ar fhoilseáin i bhfianaise. Bhí dualgais dá samhail ann maidir le líon coistí Cróinéara ar fud na tíre agus freagracht bhreise maidir le comhdhéanamh rolla an ghiúiré.

Chuir an Garda Síochána sprae ‘Piobair’ OC ar fáil do phearsanra oibríochta áirithe le linn na bliana 2009. Chomhaontaigh an GSOC leis an nGarda Síochána go gcuirfidh an GSOC ar an eolas maidir le húsáid ar fad an trealamh sin, mar aon le mionsonraí maidir leis an gcomhthéacs inar baineadh úsáid as. Cuireadh tús leis an bpróiseas sin i Meán Fómhair 2009 agus, go dtí seo, tá sé róluath aon treochtaí ar leith a aithint. Tá an GSOC ag leanúint ar aghaidh leis an eolas sin a chomhordú.

1.2 Gearáin a Ghlacadh

Tá oifig phoiblí an GSOC ar oscailt ón 9.30am go dtí 4.30pm (ó Luan go hAoine) le gearáin a ghlacadh agus le ceisteanna ó dhaoine den phobal a fhreagairt. Dhéileáil oifig phoiblí an GSOC le 508 duine sa bhliain 2009.

Féadfaidh daoine a dteastaíonn cúnamh uathu le foirm ghearáin a chomhlánú coinne a dhéanamh chun casadh le cásoifigeach agus de ghnáth socraítear an cruinniú sin chomh luath agus is féidir. Is féidir le gearánaithe teacht chuig oifig an GSOC freisin agus gearán a dhéanamh gan aon choinne roimh ré. Sna himthosca sin tugtar an fhoirm ghearán riachtanach (GSOC 1) do ghearánaithe a "shiúl-isteach" agus is féidir leo an fhoirm a chomhlánú san oifig nó an fhoirm a thabhairt leo agus í a sheoladh ar ais tríd an bpost i gclúdach litreach réamhíoctha. In imthosca áirithe féadfaidh cásoifigigh cúnamh a chur ar fáil freisin do ghearánaithe a "shiúl isteach" chun an fhoirm ghearáin a chomhlánú.

Tábla 1 Modh Glactha Gearán

Modh Glactha Gearán	**Líon**
Ar líne	370
Faics	45
Stáisiún na nGardaí	448
Curtha faoi agallamh den láthair	2
Tríd an bpost	503
Oifig Phoiblí	416
Teileafón	313
Iomlán	2,097

1.3 An Líon Gearán

Chuir an GSOC tús leis an mbliain 2009 le 2,028 gearán ar láimh ó 2008. As an méid sin, bhí 444 ag feitheamh le cinneadh inghlacthachta.

Le linn na bliana 2009 fuair an GSOC 2,097 gearán nua ar an iomlán, lena n-áirítear líon ceisteanna a huasgrádaíodh go gearáin ina dhiaidh sin. Bhí 1,180 gearán ar láimh ag an GSOC faoi dheireadh mhí na Nollag 2009 agus bhí 170 acu sin ag feitheamh le cinneadh inghlacthachta.

Léiríonn an líon cásanna réamh-inghlactha sin figiúr atá inghlactha don GSOC mar gheall ar an ráta a leantar le gearáin a fháil agus an t-am a thógann sé le tuilleadh eolais a fháil ó ghearánaithe go minic. Léiríonn sé laghdú de 62% freisin i líon na gcásanna atá ag

feitheamh le cinneadh inghlacthachta ag deireadh na bliana. Tharla sé sin mar thoradh ar phróisis ghnó fheabhsaithe a tugadh isteach den chéad uair sa bhliain 2008 agus a bhí dírithe ar chur an méid is féidir le héifeachtúlacht an próiseas agus le fáil réidh leis an riaráiste cásanna a bhí cruachta le linn na chéad bliana nó mar sin de GSOC a bheith ann.

Ina theannta sin, bhí cuid mhaith d'am Cásoifigigh tógtha suas le ceisteanna a fhreagairt ó dhaoine den phobal a bhí ag iarraidh a fháil amach cad a d'fhéadfadh tarlú dá ndéanfadh siad gearán, nó cibé an é nó nach é an GSOC an áit cheart lena ngearán áirithe a dhéanamh. Déileáladh le 1,543 den sórt sin in 2009.

Tábla 2 Tríchur gearán

• Ar láimh 31/12/08	• 2,028
• Faighte in 2009	• 2,097
• Dúnta in 2009	• 2,905
• Ar láimh 31/12/09	• 1,180

1.4 Líomhaintí

Fuair an GSOC 3,509 líomhain in 2009. D'fhéadfadh sé go mbeadh roinnt líomhaintí i ngearán amháin. Tarlaíonn sé sin nuair a mhaíonn gearánaí gur bhain níos mó ná gníomh amháin arb ionann é agus mí-iompar ó thaobh an gharda de. Tarlaíonn sé freisin nuair a thagraíonn gearán de níos mó ná aon gharda amháin. Mar thoradh ar sin, bíonn an líon líomhaintí níos mó ná an líon gearán. Sampla de sin is ea nuair a líomhain gearán amháin a fuarthas trí ghníomh ar leithligh arb ionann iad agus mí-iompar ó thaobh seisear garda de. Thug an DPP cúisimh, ar imscrúdú, in aghaidh ceathrar garda ar dhá ionchúiseamh an duine. Tuairiscíonn an GSOC ar líomhaintí mar go gcuireann sé sin léargas níos cruinne

ar fáil maidir le cúiseanna gearán gearánaithe agus ar an obair a dhéanann an GSOC á bhfreagairt.

Léiríonn Cairt 1 na sé phríomhchineál líomhain a fuarthas in 2009.

Cairt 1   Cineálacha Líomhaintí



Mí-úsáid údaráis
Sárú dualgais
Míchúirtéis
Cionta neamh-mharfacha in aghaidh an duine
Bréagacht nó Seachantacht
Éillitheach nó Gníomhú Imchuí
Eile

Déanann an **fachtóir** cúr síos ar an gcomhthéacs inar eascair an gearán

Cairt 2 Fachtóirí i nGearáin



Gabháil
Diospóid Teaghlaigh
Le linn iad a bheith faoi choinneáil
Níos mó ná fachtóir amháin
Eile
Imeacht Poiblí
Cuardach/Imscrúdú
Tionóisc Thrácht Bóthair
Ní fios

Láthair

Agus an GSOC ag iarraidh patrúin ghearáin a aithint, rinneadh iarracht a fháil amach na cineálacha áiteanna ina raibh eachtraí a líomhnaíodh.

Cairt 3 Láthair na Líomhna



Áit Phoiblí
Teach Cónaithe
Coimeád an Gharda Síochána
Stáisiún Gardaí – ní raibh faoi choimeád
Feithicil de chuid na nGardaí
Níos mó ná láthair amháin
Eile

1.5 Gearánaithe
Inscne an Ghearánaí

Cairt 4 Inscne an Ghearánaí



Fireann

Baineann

Aois an Ghearánaí

Cairt 5 Aois an Ghearánaí



Aois

Náisiúnacht an Ghearánaí
Iarrtar ar ghearánaithe a náisiúnacht a léiriú i bhfoirm ghearáin an GSOC. Roghnaíonn gearánaithe i roinnt mhaith cásanna gan an chuid sin a chomhlánú. Rinne an GSOC suirbhé cuimsitheach ar ghearánaithe sa bhliain 2009 chun a náisiúnacht, i measc nithe eile, a fháil amach. Tá na torthaí leagtha amach i gCairt 6. Taispeánann sé go raibh 17% den iomlán comhdhéanta de neamh-náisiúnaigh. Sin i gcomparáid le 10% d'ionadaíocht neamh-náisiúnach i ndaonra foriomlán an Stáit.

Cairt 6 Náisiúnacht an Ghearánaí



Éireannach
An Ríocht Aontaithe
Polannach
Liotuánach
Nigéarach
Eorpach Eile
Afracach Eile
Eile
Ní fios

1.6. Gardaí a bhí faoi réir ag gearán

Tá líomhaintí in aghaidh Roinne den Gharda Síochána seachas i Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (DMR) léirithe i Mapa 1 agus tá Líomhaintí in aghaidh Roinne den Gharda Síochána sa DMR léirithe i Mapa 2.

Mapa 1 Líomhaintí in aghaidh Roinne den Gharda Síochána seachas DMR


No. of Allegations
0 - 75
76 - 150
151 - 225
226 - 300
Donegal
Sligo/Leitrim
Cavan/Monaghan
Mayo
Louth/Meath
Roscommon/Galway East
Longford/Westmeath
Galway West
Laois/Offaly
Carlow/Kildare
Clare
Tipperary
Wexford/Wicklow
Limerick
Waterford/Kilkenny
Kerry
Cork North
Cork City
Cork West

Mapa 2 Líomhaintí in aghaidh Roinne den Gharda Síochána sa DMR



Céim an Gharda
Tá céimeanna gardaí a ndearnadh gearán fúthu i ngach líomhain léirithe i gCairt 7.

Cairt 7 Céim an Gharda



Céim

Mac Léinn/Promhóir
Garda
Sáirsint
Cigire
Ceannfort
Ard-Cheannfort
Ní Fios

Inscne an Gharda
Taispeánann Cairt 8 inscne na ngardaí a bhí faoi réir ag gearán in 2009.

Cairt 8 Inscne an Gharda



Fireann

Baineann

1.7 Tarchuir faoi alt102

Fuair an GSOC 104 tarchur faoi alt 102 i rith 2009. Ba uimhir níos ísle a bhí ansin ná in 2008 (129). Bhí tionóisc thrácht bóthair ar an bhfachtóir ba choitianta – os cionn 50% - agus d’eascair tarchur as sin. Bhí coimeád an Gharda Síochán ar an dara fachtóir ba choitianta ag díreach os cionn 20%. Tharla 15 bás, agus bhí comhalta den Gharda Síochána ar dhuine acu sin. D’eascair cúig bhás mar thoradh ar thionóiscí thrácht bóthair; tharla bás amháin faoi choimeád an Gharda Síochána; tharla bás amháin mar thoradh ar lámhach marfach; agus tharla ocht mbás i ndiaidh choimeádta nó teagmhála leis an nGarda Síochána. In iomlán, bhí 124 duine den phobal rannpháirteach i dtionóiscí faoin alt sin agus bhí 153 garda rannpháirteach ar shlite éagsúla. As na gardaí sin, bhí 16 nach raibh ar dualgas agus 137 ar dualgas nuair a tharla an tionóisc. As na daoine den phobal a bhí rannpháirteach, bhí a bhformhór, os cionn 60% in aois idir 18 agus 30 agus b’fhir 80% díobh. Aithníodh alcóil nó tógáil drugaí ag duine den phobal mar fhachtóir i 16% de na cásanna. Bhí tóraíocht, breathnóireacht nó iarracht feithicil a bhí á thiomáint ag duine den phobal a stopadh mar fhachtóir in 35% cásanna, a léirigh minicíocht ard na gcásanna tráchta bóithre a tarchuireadh.

Léirítear líon na dtarchru in aghaidh na Roinne den Gharda Síochána seachas an DMR i Mapa 3 agus léirítear líon na dtarchur in aghaidh na Roinne den Gharda Síochána i Mapa 4.

Mapa 3   Tarchuir in aghaidh na Roinne seachas DMR


No. of Referrals
0
1 - 5
6 - 10
11 - 15
16 - 20
Donegal
Sligo/Leitrim
Cavan/Monaghan
Mayo
Louth/Meath
Roscommon/Galway East
Longford/Westmeath
Galway West
Laois/Offaly
Carlow/Kildare
Clare
Tipperary
Wexford/Wicklow
Limerick
Waterford/Kilkenny
Kerry
Cork North
Cork City
Cork West

Mapa 4   Tarchuir in aghaidh na Roinne: DMR



Líon na dTarchur

Aois an pháirtí díobhálaithe neamhgharda

Cairt 9 Aois an Pháirtí Díobhálaithe



Aois

Gnéas an pháirtí dhíobhálaithe neamhgharda

Cairt 10 Gnéas an Pháirtí Díobhálaithe



Fireann

Baineann

Díobhálacha a fuarthas agus cineál díobhála

Cairt 11 Líon agus Cineál na nDíobhálacha



Gan Díobháil

Doiléir

Briseadh

Marfach

Ildhíobháil

Créacht Oscailte/Brú Craicinn

Eile

In 45% de na tarchuir sin, chruthaigh tuilleadh imscrúdaithe, leoga, nar tharla aon díobháil tromchúiseach. Nuair a bhí an tarchur ar siúl, bhí an Garda Síochána den tuairim, bunaithe ar an eolas a bhí ar fáil, go bhféadfadh sé gur tharla díobháil tromchúiseach.

Modh inar tharla an díobháil

Cairt 12 Modh inar tharla an Díobháil



Ní Fios

Eile

Forneart Fisiceach

Féin

Ionsaí Gnéis

Feithicil

Arm

Fachtóir i dTarchuir Alt 102

Cairt 13 Fachtóirí i dTarchuir



Factor

Fachtóir

Gabháil

Díospóid Teaghlaigh

Eile

Le linn iad a bheith faoi choinneáil

Imeacht Poiblí

Cuardach/Imscrúdú

Tionóisc thrácht bóthair

Lá na seachtaine

Cairt 14 Lá Tarchuir na seachtaine



Lá na Seachtaine

Luan

Máirt

Céad

Déar

Aoi

Sath

Domh

Am an lae

Cairt 15 Am Tarchuir an Lae



1.8 Alt 102(4) - Imscrúduithe Leasa Poiblí

Amhail an 1 Eanáir 2009, bhí trí imscrúdú ar siúl ag an GSOC faoi alt 102(4) den Acht. Is cásanna iad sin inar féidir le GSOC imscrúdú a dhéanamh gan gearán a fháil, má mheasann sé go bhfuil sé mar leas ag an bpobal é sin a dhéanamh. I rith 2009, d'oscail GSOC dhá imscrúdú breise faoin alt seo. Bhí an cúig imscrúdú fós ag dul ar aghaidh amhail an 31 Nollaig 2009.

Áirítear ar na cásann faoi 102(4) a bhí fós ag dul ar aghaidh ag tús 2009

- imscrúdú ar na imthosca a bhaineann le bás Mr. Terence Wheelock an 16 Meán Fómhair 2005;

- imscrúdú ar leorgacht imscrúdaithe an Gharda Síochána maidir le tionóisc thrácht bóthair lenar bhain Mrs. Mary Seavers nach maireann agus le tiomsú tuarascáil an Gharda Síochána ina dhiaidh sin chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí; agus

- imscrúdú faoi líomhaintí de chlaonpháirteachas ag an nGarda Síochána le duine ainmnithe i ngluaiseacht agus soláthar drugaí rialaithe, agus ar nádúr agus ar mhéid aon chaidreamh idir comhaltaí an Gharda Síochána agus an duine ainmnithe sin.

Ba iad an dá chás a osclaíodh faoi alt 102(4) i rith 2009 ná

- imscrúcú i leith mhí-iompar líomhnaithe Gardaí agus ógchiontóir á ghabháil i Roinn an Chabháin/Mhuineacháin go luath in 2009.

- imscrúdú a d'eascair ó hábhair imní an Bhreithimh Frank O'Donnell ón gCúirt Choiriúil Chuarda maidir le caighdeán fianaise na nGardaí le linn trialach coiriúla.

1.9 Freagairt do Ghearáin agus do Tharchuir

Inghlacthacht

Clúdaíonn inghlacacht an próiseas gearán ón uair a dhéantar an gearán go dtí go gcinneann an GSOC cibé an bhfuil sé inghlactha de réir na gcritéar a fhoráiltear faoi alt 87 den Acht nó nach bhfuil. Má mheastar go bhfuil gearán inghlactha, cinnfidh cinneadh an GSOC an próiseas ina réiteofar nó a imscrúdófar an gearán agus ina thabharfar chun críche é.

I gcásanna nuair nach mbíonn i ndóthain eolais sa ghearán chun cinneadh inghlacthachta a bhunú, lorgaíonn Cás-Oifigigh breis eolais sula ndéantar an cinneadh inghlacthachta. Mura gcuirtear an t-eolas riachtanach ar fáil laistigh de thréimhse réasúnach ama, leanann an GSOC ar aghaidh lena gcinneadh bunaithe ar an eolas atá ar fáil. Dúnadh 1,178 líomhain in 2009 toisc iad a bheith neamhinghlactha. Áiríodh ar na cúiseanna neamhinghlacthachta gearáin a bhain le cúrsaí ina mbeadh an iompar líomhnaithe, dá gcruthófaí é, neamhchomhionann le mí-iompar; ina raibh an gearán lasmuigh den am a bhí ceadaithe; ina raibh an gearán suaibhreosach nó cráiteach; inar bhain an gearán le

comhalta ar scor; inar bhain an gearán le rialú ginearálta agus treoir ghinearálta an Gharda Síochána.

Stádas Inghlacthachta na nGearán 2009

Cairt 16 Stádas Inghlacthachta Gearán (%)



Inghlactha

Ar Feitheamh

Neamhinghlactha

Níl Infheidhme

Torthaí

Réiteach Neamhfhoirmiúil (IR)

Bhí 138 cás in IR ag an GSOC an 1 Eanáir 2009. In 186 cás breise measadh gurb é IR an fhoirm imscrúdaithe is cuí i rith 2009. Dhún an GSOC 161 cás den chineál sin i rith na bliana. Chuimsigh na cásanna sin 205 líomhain. Is iad seo a leanas torthaí na n-imscrúduithe sin:

Tábla 3: Toradh an Réitigh Neamhfhoirmiúla

Toradh	**Líon**
Réitithe	30

Dúnta ar shlí eile sa chéim seo	131
Iomlán	**161**

Alt 94U: Imscrúdú Garda gan Mhaoirseacht

Bhí 797 cás in alt 94U ag an GSOC an 1 Eanáir 2009. In 407 cás breise measadh gurb é alt 94U an fhoirm imscrúdaithe is cuí i rith 2009. Dhún an GSOC 936 cás den chineál sin i rith na bliana. Chuimsigh na cásanna sin 1,505 líomhain. Is iad seo a leanas torthaí na n-imscrúduithe sin:

Tábla 4: Toradh Alt 94U

Toradh	**Líon**
Comhairle	67
Rabhadh	24
Spraic	12
Foláireamh	5
Laghdú pá nach mó ná coisís	21
Níor aithníodh sárú disciplíne	1,376
Iomlán	**1,505**

Alt 94S: Imscrúdú Garda faoi mhaoirseacht an GSOC

Bhí 160 cás in alt 94S ag an GSOC an 1 Eanáir 2009. In 89 cás breise measadh gurb é alt 94S an fhoirm imscrúdaithe is cuí i rith 2009. Dhún an GSOC 130 cás den chineál sin i rith na bliana. Chuimsigh na cásanna sin 232 líomhain. Is iad seo a leanas torthaí na n-imscrúduithe sin:

Tábla 5: Toradh Alt 94S

Toradh	**Líon**
Comhairle	9
Rabhadh	2
Spraic	4

Foláireamh	0
Laghdú pá nach mó ná coisís	0
Níor aithníodh sárú disciplíne	217
Iomlán	**232**

Alt 95

Bhí cás GSOC amháin á n-imscrúdú faoi alt 95 an 1 Eanáir 2009. I 42 cás eile measadh gurb é alt 95 an fhoirm imscrúdaithe is cuí i rith 2009. Chuir an GSOC 34 comhad ar aghaidh chuig Coimisinéir an Gharda Síochána tar éis imscrúdaithe. Ag deireadh na bliana, bhí 23 cás fós ar oscailt; bhí 15 acu ag feitheamh ar fhreagairt Choimisinéir an Gharda Síochána tar éis ar cuireadh comhad ar aghaidh chuige agus bhí 8 gcinn á n-imscrúdú ag an GSOC.

Dhún an GSOC 20 cás den chineál sin i rith na bliana. Is iad seo a leanas torthaí na n-imscrúduithe sin:

Tábla 6: Toradh Alt 95

Toradh	**Líon**
Gan gá le breis imscrúdaithe	1
Gníomhartha thíos tar éis ar cuireadh comhad ar aghaidh chuig Coimisinéir an Gharda Síochána	
Comhairle	1
Foláireamh	1
Níor aithníodh sárú disciplíne	17
Iomlán	**20**

Alt 98

Bhí 645 cás in alt 98 ag an GSOC an 1 Eanáir 2009. In 559 cás breise measadh gurb é alt 98 an fhoirm imscrúdaithe is cuí i rith 2009. Chuimsigh na cásanna sin 1,094 líomhain. Dhún an GSOC 719 cás den chineál sin i rith na bliana. Cuireadh 25 comhad ar aghaidh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.

Tábla 7: Comhaid a cuireadh ar aghaidh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí - Toradh

An Gníomh	2009	TORADH	
Comhaid a cuireadh ar aghaidh chuig an DPP	**25**		
Ag Feitheamh ar Threoir		4	
Faoi threoir an DPP Gan Ionchúiseamh		16	
Faoi threoir an DPP Ionchúiseamh		5	
Torthaí na n-Ionchúiseamh		Ciontú	2
		Gan chiontú	1
		Leanúnach	2

Bhain an 25 comhad a cuireadh ar aghaidh chuig an DPP le 33 comhalta den Gharda Síochána agus le ceathrar comhalta den phobal. Leagann alt 110 den Acht amach gur cion é eolas bréagach nó míthreorach a sholáthar d'imscrúdú GSOC. Áiríodh ar na 25 comhad a cuireadh ar aghaidh chuig an DPP trí chás, a d'aithin ceathrar comhalta den phobal, ina raibh alt 110 mar shaincheist. Ag eascairt ó na comhaid sin, ciontaíodh duine amháin den phobal; níor threoraigh an DPP aon ionchúiseamh i leith péire acu; agus tá ceann amháin ag feitheamh ar threoir.

1.10 Alt 106 – Scrúdú ar Chleactais, ar Bheartais agus ar Nósanna Imeachta an Gharda Síochána

Críochnaíoch imscrúdú amháin, i leith gnéithe ar leith a bhaineann le feidhmiú an Chórais Próiséala Muirear Sheasta arna feidhmiú ag an nGarda Síochána agus cuireadh ar aghaidh chuig an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Dermot Ahern, T.D. an 30 Aibreán 2009.

Níor osclaíodh aon imscrúdú nua faoi alt 106 den Acht i rith 2009.

1.11 Prótacail

Bhí an GSOC rannpháirteach i gcomhráite forleathana leis an nGarda Síochána maidir leis na Prótacail idir an gCoimisiún agus Choimisinéir an Gharda Síochána. Bhí na comhráite mar chuid d'athbhreithniú forleathan ar thaithí fheidhmithe an Achta go dtí seo. Chas foirne speisialtóra ón dá ghníomhaireacht go rialta chun saincheisteanna imní a iniúchadh féachaint chun feabhsuithe ar na Prótacail a mholadh. Bhí an próiseas cuiditheach, comhoibríoch seo fós ag dul ar aghaidh ag deireadh na bliana.

CAIBIDIL 2: Muinín an Phobail a Spreagadh

Tá sé de dhualgas ar an GSOC faoi alt 67 den Acht '…muinín an phobail sa phróiseas chun na gearáin sin a réiteach, a spreagadh'. Sa bhreis ar an gcuspóir sin, chomh maith le seirbhís éifeachtúil, neamhspleách agus neamhchlaonta a sholáthar don phobal, chomhlíon an GSOC Clár For-rochtana agus cuireadh tuairimí an phobail i gcomparáid le tuairimí an phobail sna blianta roimhe sin trí shuirbhé neamhspleách a coimisiúnaíodh.

2.1 For-rochtain don Phobal

Tá an clár for-rochtana deartha chun muinín an phobail a spreagadh sa phróiseas chun gearáin faoi iompar chomhaltaí den Gharda Síochána a réiteach. Rinne an GSOC iarracht mhór chun spreagadh a thabhairt do na daoine sin sa sochaí a d'fhéadfaí a rá ina leith go bhfuil siad ar an imeall chun go mbeadh siad sásta agus ábalta seirbhís an GSOC a úsáid. D'fhéadfadh sé tarlú áfach nach mbainfeadh na daoine sin leas as an tseirbhís, mar a léiríodh i suirbhé de chuid an GSOC ar thuairimí an phobail 2007/8, deir roinnt go mbeadh faitíos orthu dá ndéanfadh siad gearán go "ndéanfadh sé an scéal níos measa" nó nach raibh dóthain eolais acu ar an gcóras gearáin, e.g. cúiseanna teanga nó litearthachta.

Bhí sé mar aidhm ag an GSOC eolas a scaipeadh faoin eagraíocht chuig páirtithe leasmhara éagsúla agus eolas a bhailiú don GSOC chun go ndéanfaí tuilleadh plé inmheánach maidir leis an gcur chuige is fearr chun idirghabháil le codanna áirithe den tsochaí.

Ógánaigh ar an Imeall

Roghnaíodh leanúint leis an téama 'Ógánaigh ar an Imeall' d'obair For-rochtana de chuid Chlár For-Rochtana an GSOC in 2009. Agus cinneadh á dhéanamh cé acu ba chóir díriú orthu go forghníomhach, scrúdaigh an Fhoireann Cumarsáide agus Taighde sonraí a bailíodh don Dara Tuarascáil Bhliantúil agus don Tríú Tuarascáil Bhliantúil (a léirigh gur sa chatagóir 19-30 bliain d'aois an aoisghrúpa ba choitianta a bhí gearánaithe chuig an GSOC i mblianta a haon agus a dó). Chuaigh an GSOC i dteagmháil le roinnt eagraíochtaí a bhíonn ag obair le daoine óga chun tuiscint a fháil an raibh gá nó éileamh ann go labhróidh an GSOC leo. Bhí an freagra an-dearfach go deo.

Bhí an GSOC ag idirchaidreamh le clár Ógtheagmháil[1] clár atá dírithe ag an déimeagrafach a d'aimsigh an GSOC ina chás-ualach.

Cuireadh ceithre chaint is fiche i láthair in 2009 in ionaid Ógtheagmhála i mBaile Átha Cliath, i gcontaetha Lú, na Mí, Chorcaí, Chiarraí agus i nDún na nGall. Bhí na grúpaí comhdhéanta d'idir 30-50 mac léinn de ghnáth. Cuireadh tús leis na cainteanna le forléargas ar cad atá i gceist leis an GSOC agus díríodh den chuid is mó ar an gcóras gearáin, ach díríodh freisin ar roinnt réimsí eile oibre – tarchuir Alt 102, cleachtas, saincheisteanna polasaí agus nósanna imeachta agus imscrúduithe 'ar mhaithe leis an

[1] Is ionann Ógtheagmháil agus clár náisiúnta a thugann deis do dhaoine óga idir 15-20 bliain d'aois a fhágann an scoil go luath agus do mháithreacha óga (suas go dtí 21 bliain d'aois) oiliúint a fháil le scileanna pearsanta agus teicniúla araon, agus cáilíochtaí aitheanta náisiúnta a fháil i go leor gníomhaíochtaí. Is cláir oideachais, oiliúna agus taithí oibre atá ann do dhaoine a fhágann an scoil go luath, agus cuirtear ar fáil é i suíomh lasmuigh den scoil. Sa bhliain 2007 thug an Roinn Oideachais agus Eolaíochta aitheantas foirmiúil d'Ógtheagmháil mar 'Chlár Oideachais Dara Seans'. Tá os cionn 100 ionad Ógtheagmháil ar fud na tíre anois, agus tá formhór acu lonnaithe in áiteanna ar a dtugtar 'ceantair faoi mhíbhuntáiste'.

bpobal'. Roinneadh go leor eolais ag na seisiúin sin agus bhíodar forghníomhach. Ba chóir a thabhairt ar aird gur cuireadh go leor de na saincheisteanna agus de na ceisteanna céanna i láthair ag na cainteanna go léir agus b'fhéidir gur léargas é sin ar threochtaí náisiúnta. Leanann na tionscnaimh for-rochtana sin ag tabhairt léargas don GSOC ar ábhair a dhéanann imní do na grúpaí sin agus tá an t-eolas a fhaightear uathu chomh tábhachtach leis an eolas a sholáthraíonn an GSOC.

2.2 For-rochtain do Ghardaí

Lean an GSOC leis an teagmháil a bhí acu le Coláiste an Gharda Síochána, An Teampall Mór i rith na bliana. Ar chuireadh ón Leas-Choimisinéir Louis Harkin agus le comhoibriú ón Ard-Cheannfort Jack Nolan, chuir an GSOC leis an taithí a bhí acu roimhe sin agus feabhsaíodh an comhoibriú a bhí acu le Coláiste an Gharda Síochána in 2009. Thionóil an GSOC seimineáir rialta, tríocha ceathair in iomlán, le gardaí i mbun oiliúna agus le gardaí ar promhadh; le rannpháirtithe sna cláir oiliúna mhaoirseoireachta bhainistithe ag na céimeanna a leanas sáirsint, cigire agus ceannfort agus le rannpháirtithe i dtionscnaimh oiliúna imscrúdaithe speisialach éagsúla. D'éirigh thar cionn le seimineár amháin le hAonad Tacaíochta Réigiúnach na nGardaí do réigiún an Iarthair a bhí nuabhunaithe agus scrúdaíodh an dóigh go mion an bhféadfadh an dá ghníomhaireacht idirghníomhú i gcásanna ardpróifíle, ardstruis.

2.3 Grúpa Comhairleach

Lean an GSOC lena gcuid oibre leis an nGrúpa Comhairleach i rith 2009. Is fóram é an Grúpa sin ina bpléann na páirtithe éagsúla saincheisteanna ina mbeadh suim agus imní i gcoitinne acu.

Seo a leanas na comhlachtaí a bhí rannpháirteach leis an GSOC sa Ghrúpa Comhairleach go dtí seo:

- An Garda Síochána (an bhainistíocht);
- An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí (DJELR);
- Cumann Ionadaíoch an Gharda Síochána;

- Cumann Sáirsintí agus Cigirí den Gharda Síochána;
- Cumann Ard-Cheannfort an Gharda Síochána;
- Cumann na nArd-Cheannfort;
- Cigireacht an Gharda Síochána;
- Dámh Dlí Ollscoil na hÉireann, Gaillimh; agus
- Coimisiún Cearta Daonna na hÉireann.

Fáiltíonn an GSOC roimh theagmháil ó na geallsealbhóirí go léir ar bhonn leanúnach.

2.4 Eolas a sholáthar

Na Meáin

Choimeád foireann Chumarsáide an GSOC an tseirbhís meán 24/7 le linn 2009. Baineann lucht gairmiúla sna meáin leas as an tseirbhís sin go forleathan go háirithe i ndáil le soláthar freagraí ar cheisteanna maidir le hábhair ardpróifíle ina mbíonn an GSOC rannpháirteach.

Fiosrúcháin

D'fhreagair an GSOC thart ar 120 fiosrúchán ón Stát, ó chomhaltaí neamhrialtais agus ó dhaoine aonair sa phobal agus sna gardaí freisin maidir le gnéithe sonracha d'obair agus de dhualgas an GSOC. Ní áirítear leis fiosrúcháin gearán-shonrach a ndéileáiltear leo sa rannóg Cás-Oibre.

I rith 2009, chuir an GSOC ábhar in iúl don DJELR mar fhreagra ar thart ar 35 ceist parlaiminte. D'fhreagair an GSOC roinnt iarratas freisin ar ábhar a lorg an tAire agus an DJELR.

Tá an GSOC san áireamh i dtéarmaí na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003. I rith 2009, d'fhreagair rannóg Polasaí an GSOC 53 iarratas ar rochtain faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Níl an GSOC faoi réir ag na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003.

Láithreán Gréasáin www.gardaombudsman.ie.

D'fhoilsigh GSOC staitisticí gach mí ar a gcás-ualach ar an láithreán gréasáin. Rinneadh 18% de na gearáin go léir a rinneadh chuig an GSOC in 2009 tríd an fhoirm ghearáin ar líne nó trí sheoladh ríomhphoist ginearálta an GSOC, agus bíonn siad araon le fáil ar an láithreán gréasáin. Sa tréimhse ón 1ú Deireadh Fómhair go dtí an 31ú Nollaig, taifeadadh ar an láithreán gréasáin gur breathnaíodh 18,438 ar leathanaigh, ó 4,659 cuairteoir ar leith. Bhí cuairteoirí ag féachaint ar an láithreán ó 49 tír nó críoch éagsúil, agus bhí 86% den líon a thug cuairt ar an suíomh lonnaithe in Éirinn.

Gníomhach le lucht Acadúil

Bíonn an pobal acadúil ag tuairisciú go rialta ar shaincheisteanna a bhaineann le réimse oibre an GSOC. Bhí an GSOC rannpháirteach i gcomhráite iomchuí agus cuireadh páipéir i láthair ag trí chomhdháil i rith na bliana.

Teagmhálacha Idirnáisiúnta

Is eol don GSOC nach mór dóibh iad féin a choimeád ar an eolas go síoraí maidir le treochtaí idirnáisiúnta agus bhíothas i dteagmháil le teagmhálacha i roinnt eagraíochtaí idirnáisiúnta iomchuí, lena n-áirítear Cumann Ombudsman na Breataine agus na hÉireann, Comhpháirtithe na hEorpa in aghaidh na Caimiléireachta, Cumann Cheanada do Mhaoirseacht Shibhialta um Fheidhmiú an Dlí agus An Cumann Náisiúnta do Mhaoirseacht Shibhialta um Fheidhmiú an Dlí (Na Stáit Aontaithe).

Cuairteanna chuig GSOC

Thug an GSOC cuireadh d'aoichainteoirí chun labhairt leis an bhfoireann faoi réimsí iomchuí oibre don GSOC. Thug sin deis don fhoireann éisteacht le tuairimí saineolaithe gairmiúla i réimsí iomchuí de shainordú an GSOC agus léargas a fháil ar conas mar a d'fhéadfadh an GSOC mar a bhí ag éirí leo a fheabhsú sa tslí chun muinín a chur chun cinn i measc roinnt geallsealbhóirí tábhachtacha. Bhí foireann GSOC fíor bhuíoch as an gcúnamh a fuarthas ó go leor daoine, lena n-áirítear Eamonn MacAodha de chuid

Choimisiún Cearta Daonna na hÉireann, An Dr. Sheila Willis de chuid na Saotharlainne Dlí-Eolaíochta, An Cigire Ray Mulderrig de chuid an Gharda Síochána agus Claire Loftus, An Príomh-Aturnae Stáit.

2.5 Suirbhé ar dhearcadh an phobail

Choimisiúnaigh an GSOC suirbhé neamhspleách ar dhearcadh an phobail go luath in 2010. Léirítear é sin mar thráchtaireacht ar obair an GSOC in 2009. Tá na torthaí dearfach den chuid is mó ós rud é go léirítear go bhfuil níos mó muinín ag an bpobal sa GSOC. Seo a leanas cuid de na príomhthorthaí:

Feasacht an Phobail ar an GSOC agus an ról atá aige: 74% i gcomparáid le 66% in 2008

Muinín an Phobail in Éifeachtacht an GSOC: 50% i gcomparáid le 23% in 2008

Muinín an Phobail in Éifeachtúlacht an GSOC: 48% i gcomparáid le 20% in 2008

Muinín an Phobail i Neamhchlaontacht/Cothroime an GSOC: 79% i gcomparáid le 62% in 2008

CAIBIDIL 3: Riarachán agus Tacaíocht

3.1 Forbhreathnú ar an mBainistíocht

D’imigh roinnt den fhoireann i rith na bliana, bhí constaicí airgeadais i gceist agus glacadh le *Ráiteas Straitéise* a léirigh athstruchtúrú ar an GSOC go hinmheánach.

Bhain seachtar den fhoireann leas as scéim speisialta dreasaithe sos gairme i rith na bliana, d’imigh ceathrar ón Rannán Riaracháin agus triúr ón Rannán Oibríochtaí. Ag

deireadh na bliana, bhí Oibríochtaí comhdhéanta de seasca sé ball foirne agus bhí Riarachán comhdhéanta de fiche cúig ball foirne. Ní áirítear san iomlán sin d'ochtú ocht an triúr atá ar an gCoimisiún ná an bheirt Ard-Cheannfoirt de chuid na nGardaí a cuireadh ar iasacht chuig an GSOC. Cé gur thosaigh an GSOC in 2009 le ceathrar Ard-Cheannfoirt de chuid na nGardaí a bhí ar iasacht, tháinig tréimhse bheirt acu sin chun críche agus d'fhill siad ar an nGarda Síochána i rith na bliana.

Bhí dúshlán mór roimh bhainistíocht an GSOC mar thoradh ar an líon foirne a d'imigh agus toisc nach bhféadfaí an buiséad a bhí acu a thuar lena chinntiú go gcoimeádfaí éifeachtúlacht agus an sprioc a bhí socruithe a bhaint amach agus ba é sin feabhas a chur ar sheirbhís do chustaiméirí. Mar sin féin, mar a léirítear thíos (alt 3.2), chomhlíon an GSOC a chuid spriocanna don bhliain ó thaobh feabhas a chur ar aschur agus ar bhainistiú fioscach.

Chuir an leibhéal sinsearach bainistíochta obair ollmhór isteach sa *Ráiteas Straitéise* agus sa phróiseas Pleanála Gnó agus tá tabhairt isteach an Chórais Bhainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) ar fud na heagraíochta mar bhun tacaíochta do na próisis sin. Is é an éifeacht foriomlán a bhí ann ná cineachadh breise freagrachta chuig leibhéil chuí mar aon le cuspóirí, spriocanna, frámaí-ama níos soiléire agus freagracht buiséadach. Éascaíodh freisin le forbairt príomhtháscairí feidhmíochta (KPInna) do gach rannóg laistigh den GSOC. Bíonn siad sin faoi réir ag athbhreithniú chun feabhsúcháin féideartha don phróiseas gnó a léiriú thar am. Leagadh síos sraith KPInna inmheánacha chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht na seirbhíse a thomhas idir rannóga. Leagadh síos sraith KPInna seachtracha freisin agus féadfaidh GSOC a fhreagarthacht, éifeachtúlacht agus seirbhís foriomlán do na geallsealbhóirí a thomhas ina n-aghaidh sin. (Aguisín 1).

3.2 Airgeadas

Ag teacht le sárchleachtas, tá GSOC tiomanta do na caighdeáin is airde rialachais i ndáil leis an úsáid a bhaineann sé as maoiniú poiblí. Is nithe iad cuntasacht, cruinneas agus

trédhearcacht atá mar bhonn taca do pholasaithe is agus do nósanna imeachta airgeadais GSOC

I ndáil le 2009, leithdháileadh soláthar buiséid de €11.108 milliún ar GSOC ó chiste tugtha don DJELR. Bhí an leithroinnt buiséid 2009 comhdhéanta de €6.3 milliún i ndáil le pá agus €4.86 milliún do chaiteachas neamhphá. Rinneadh an caiteachas réamh-mheasta a phróifiliú agus sannadh an caiteachas feadh na rannóga feidhme éagsúla; d'éascaigh sin le cineachadh bhuiséid go dtí bainisteoirí líne agus rialú buiséid níos fearr trí tháirgeadh thuarascálacha caiteachais mhíosúla eagraíochta agus rannáin don fhoireann bainistíochta sinsearach ar bhonn míosúil.

Ag deireadh Ráithe 1 agus Ráithe 2 faoi seach lorg DJELR laghduithe buiséid de €50,000 agus €1.5 milliún. Léirigh an leithroinnt athbhreithnithe de €9.558 milliún laghdú foriomlán de 13.89%. Cé gur chuir laghdú mar sin constaicí suntasach ar an GSOC, faoi dheireadh na bliana 2009 b'ionann an caiteachas iomlán agus €9.42 milliún a bhí comhdhéanta de chaiteachas pá €6.372 milliún agus caiteachas neamhphá de €3.044 milliún.

Léiríonn alt 77 d'Acht 2005 go bhfuil sé de dhualgas ar an GSOC a gcuid ráitis airgeadais bhliantúla a bheith ullmhaithe roimh an 31ú Márta agus iad a bheith seolta chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh. I rith 2009 shínigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ráitis airgeadais an GSOC i ndáil le 2006/07 agus 2008.

Mar thoradh ar shocruithe sonracha i ndáil le deonú maoiniú ón DJELR, mar atá socraithe amach faoi alt 71 den Acht, is é Rúnaí Ginearálta an DJELR Oifigeach Cuntasaíochta an GSOC. Mar thoradh air sin, titeann an GSOC faoi dhualgas an DJELR agus táthar faoi réir ag forbhreathnú airgeadais ón Aonad Iniúchta Inmheánach san DJELR. Ina theannta sin déanann Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh go bliantúil ar an GSOC agus mar sin níl Coiste Iniúchta bunaithe ag an bpointe ama seo ag an GSOC.

Tábla 8: Caiteachas agus Coigilteas.

Tabhair ar aird le do thoil nach bhfuil iniúchadh déanta go fóill ar na figiúirí a léirítear.

Catagóir	**Buiséad Coigeartaithe Deiridh 2009**	**Caiteachas Eanáir go dtí Nollaig 2009 €,000**	**Buiséad Fágtha €,000**
A01 Tuarastail, Pá & Liúntais		€6,372	
A02 Taisteal & Cothú		€232	
A03 – Costais Theagmhasacha		€464	
A04 - Seirbhísí Poist & Teileachumarsáide		€146	
A05 - Innealra Oifge & Soláthairtí Oifige Eile		€604	
A06 - Caiteachas Oifige & Áitribh		€1,565	
A07 –Seirbhísí Comhairliúcháin		€36	
A08 – Caiteachas Taighde		Nil	
Iomlán	**€9,558,000.00**	**€9,420**[2]	**€138**

3.3 Acmhainní Daonna agus Oiliúint (HR/T)

Tabhairt isteach an Chórais Bhainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS)

Ba í 2009 an chéad bhliain ag *Ráiteas Straitéise* GSOC i mbun feidhme agus ag an bpróiseas pleanála gnó lena mbaineann. Rinne HR/T iarracht ollmhór idirghníomhú leis

---

[2] Is figiúirí sealadacha iad seo, níl fabhruithe san áireamh agus tá na figiúirí faoi réir ag deimhniú thabhairt chun críche na gcuntas ag DJELR

na daoine sa phróiseas trí thabhairt isteach an Chórais Bhainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS). B'fhacthas don bhainistíocht shinsearach gur ní riachtanach é sin a bhíonn mar bhun tacaíochta don phróiseas pleanála gnó.

Bhainistigh an Rannóg HR/T leathadh amach chlár oiliúna PMDS saincheaptha GSOC don fhoireann go léir. Bhí an oiliúint leagtha amach chun cúlraí agus rólanna éagsúla na foirne sa GSOC a chur san áireamh. Rinneadh gach cloch mhíle thábhachtach de chuid PMDS a chomhlíonadh nuair a tugadh an oiliúint chun críche.

Oiliúint agus forbairt leanúnach

I rith 2009 d'éascaigh Rannóg Oiliúna an GSOC le baill foirne a d'fhreastail ar chúrsaí oiliúna, ar sheimineáir agus ar chomhdhálacha oiriúnacha. Léiríonn an infheistíocht sin in oiliúint agus i bhforbairt na foirne tiomantas an GSOC go mbeadh na hacmhainní go léir ag an bhfoireann agus iad inniúil freastal ar spriocanna gnó ar shlí ghairmiúil agus éifeachtúil.

Tá liosta iomlán de na gníomhaíochtaí oiliúna agus forbartha a soláthraíodh in 2009 leagtha amach in Aguisín 2.

Coiste Comhpháirtíochta

I rith 2009 chomhlánaigh an GSOC an próiseas inár bunaíodh Coiste Comhpháirtíochta agus thángthas le chéile go rialta i rith 2009 agus tugadh aghaidh ar roinnt saincheisteanna a bhí tábhachtach don fhoireann agus don bhainistíocht.

3.4 Rannóg Theicneolaíocht Eolais agus Cumarsáide (ICT)

Tá freagracht fhoriomlán ar an rannóg ICT as bainistiú, forbairt agus cothabháil na gcóras IT laistigh den GSOC. Tá ceathrar foirne buana de chuid an GSOC sa rannóg agus faigheann siad sin tacaíocht ó 1.5 WTE pearsanra ar conradh, faoi chonradh le Fujitsu Ireland Ltd. Soláthraíonn an rannóg na seirbhísí a leanas:

Tacaíocht ó lá go lá do sheirbhísí gutha agus sonraí

Síneann an tacaíocht ó lá go lá de sheirbhísí ICT idir soláthar saoráid deasc seirbhíse go dtí fabhtcheartú agus réiteach ar shaincheisteanna úsáideoirí, córais agus feidhmchláir. Áirítear le hobair chothabhála a dhéanann an rannóg ICT obair choisctheach nó cheartaitheach agus áirítear leis monatóireacht, scrúdú, tástáil, cumraíocht, modhnú, deisiú agus athsholáthar ar chrua-earraí/bogearraí/ comhpháirteanna dochtearraí ICT agus córais. Tugann an rannóg ICT tacaíocht d'Oibríochtaí chun taifeadáin gutha a aisghabháil agus cuidíonn siad le hiarratais ar rochtain ar shonraí fianaise agus ar thaifeadáin ilmheáin.

Sa bhliain 2009 fuair an rannóg ICT 1,258 iarratas ar sheirbhís agus cheartaigh siad na fabhtanna sin.

Córas Cásbhainistithe

Is ionann an CMS agus córas lárnach GSOC a thugann tacaíocht, a dhéanann logáil, a dhéanann rianú agus a dhéanann bainistiú ar phróisis cásbhainistithe.

Rinneadh an CMS a fhorbairt tuilleadh i rith 2009 chun teacht le próisis oibre nua agus próisis oibre atá ag éabhlóidiú. Feabhsaíodh gnéithe den chóras chun go mbeadh neamhspleáchas níos fearr san fheidhm riaracháin.

I ndiaidh anailís dhomhain a dhéanamh ar na riachtanais tuairiscithe rinne an rannóg maoirsiú ar fhorbairt réitigh tuairiscithe Chóras Eolais Bainistithe.

Rinneadh athdhearadh ar infrastruchtúr CMS chun deireadh a chur le saincheisteanna athléimneachta agus lena chinntiú nach mbeadh aon phointe amháin teipthe laistigh ann.

Córas Anailíse Imscrúdaithe

Fuair an rannóg ICT Córas Bogearraí Anailíse Imscrúdaithe in 2009 agus baineadh feidhm as sa tréimhse sin. Tugann an córas sin na cumais a leanas (i measc cinn eile) d'fhoireann Faisnéise an GSOC:

a) A bheith ábalta sonraí a iompórtáil ó fhoinsí éagsúla.

b) Fachtóirí a chuireann isteach ar nithe a aithint, na cúiseanna agus na héifeachtaí dóchúla a mheas agus aon chaidreamh eatarthu a aimsiú.

c) Cuir i láthair ghrafacha a tháirgeadh i bhfoirm cairteacha chun caidrimh a léiriú i measc daoine, cumarsáidí, eagraíochtaí, cuntais agus gnéithe eile a bhíonn i bhfolach laistigh de shraitheanna sonraí díchosúla; agus an fhaisnéis a bhíonn mar thoradh air a scaipeadh ar shlí is féidir a bhailiú agus gníomhú go héasca air.

d) Cuir i láthair ghrafacha a chruthú mar mheán chur i láthair sna cúirteanna.

An Láithreán Gréasán

Feabhsaíodh feidhmiúlacht an láithreáin ghréasáin tuilleadh le húsáid bogearraí '*Browse Aloud'* agus réiteach Anailíse Tráchta Gréasáin. Is réiteach bogearraí é '*Browse Aloud'* a fhreastalaíonn ar dhaoine le lagamharc a úsáideann an Láithreán Gréasáin agus tugadh isteach an réiteach Anailíse Tráchta Gréasáin chun anailís staitisticiúil a sholáthar ar ghníomhaíocht cuairteoirí ar láithreán gréasáin GSOC. (Féach alt 2.4)

Infrastruchtúr ICT in Oifigí réigiúnacha GSOC

Tá foireann ag GSOC lonnaithe i dhá oifig réigiúnach, Longfort agus Corcaigh. Síníodh infrastruchtúr ICT chuig oifig Longfoirt i rith 2009 chun go mbeadh an fhoireann san ionad sin ábalta rochtain fíor-ama a bheith acu ar chórais IT GSOC i.e. Bíonn an teacht céanna ag an bhfoireann ar na feidhmchláir agus ar na córais chéanna leo sin atá lonnaithe sa cheanncheathrú i mBaile Átha Cliath.

Saoráid cumarsáide ríomhphoist slán a sholáthar leis an nGarda Síochána

Tá dualgas dlí ar an GSOC, faoin Acht, comhfhreagras a dhéanamh leis an nGarda Síochána i ndáil le gach gearán a fhaightear. Cuireadh tús le céim phíolótach in 2009 de chóras chun an próiseas sin a uathoibriú, trí theicneolaíocht ríomhphoist slán, le comharthaíocht digiteach agus criptithe a úsáid. Cinnteoidh sin coigiltis i ndáiríre ó thaobh costais (postas, stáiseanóireacht, earraí inchaite don phrintéir) agus acmhainní araon don dá eagraíocht.

Coiste stiúrtha ICT

Bunaíodh Coiste Stiúrtha ICT i rith 2009. Díríodh go dtí seo ar shaincheisteanna maidir le slándáil agus cumas oibríochta; tá sé beartaithe go ndíreoidh an coiste sin ar an straitéis ICT a shainmhíniú in 2010 agus ar tháirgeadh Straitéis ICT do 2011-2014.

3.5 Gnóthaí Dlí

Tá an rannóg Gnóthaí Dlí comhdhéanta de thriúr dhlíodóirí agus beirt eile atá ar an bhfoireann tacaíochta riaracháin.

In 2009, áiríodh ar phríomhfheidhmeanna Ghnóthaí Dlí, comhairle a thabhairt do chomhaltaí Choimisiúin an Ombudsman ar ghnéithe dá gcuid feidhme reachtúil agus ar bhainistiú ar chásanna os comhair na gcúirteanna ina raibh leas feidhme ag an GSOC. Bhí Gnóthaí Dlí gníomhach le Seirbhís Dlí an Gharda Síochána freisin le súil agus leasuithe féideartha ar an Acht a aithint a d’fheabhsódh an córas de mhaoirsiú neamhspleách ar phóilíniú.

Bhí Gnóthaí Dlí rannpháirteach ó thaobh comhairle i bhforbairt córais agus polasaithe a chuireann isteach ar rith na heagraíochta iomlána.

Bhí cothabháil agus forbairt ar chaidrimh straitéiseacha leis na seirbhísí dlí de chuid ghníomhaireachtaí maoirseachta eile mar ghné thábhachtach d’obair Ghnóthaí Dlí. Áiríodh leis an obair sin fóram comhráite rialta leis na seirbhísí dlí de chuid Choimisiún

Gearán Neamhspleách na bPóilíní (IPCC) do Shasana agus don Bhreatain Bheag agus Oifig Ombudsman na bPóilíní do Thuaisceart Éireann (OPONI).

Comhairle Dlí

Caitheadh formhór de chuid am na rannóige ag tabhairt tacaíochta d'Oibríochtaí trí chomhairle dlí a sholáthar maidir le gach gné den obair lena n-áirítear bainistiú gearán, láimhseáil imscrúduithe smachtaithe agus feidhmiú cumhachtaí imscrúdaithe ag Oibríochtaí. Áiríodh leis an obair sin comhairle a thabhairt maidir le cásanna agus comhaid aonair agus áiríodh leis freisin comhairle a thabhairt ar fhorbairt córais, próis agus nósanna imeachta. Cuidíodh leis sin trí sheisiúin oiliúna rialta, don fhoireann Oibríochtaí agus an Choimisiúin, maidir le príomhshaincheisteanna dlí oiriúnacha in obair an GSOC. Bhí Gnóthaí Dlí rannpháirteach go mór freisin ag tabhairt tacaíochta d'Oibríochtaí agus iad ag ullmhú agus ag freastal ar thrialacha agus ar ionchoisní mar aon le comhairle a thabhairt ar chomhfhreagras le comhairleoirí dlí do pháirtithe d'imscrúduithe.

Dlíthíocht

Tá Gnóthaí Dlí freagrach as bainistiú ó lá go lá gach dlíthíocht ina mbíonn an GSOC rannpháirteach, idir sibhialta agus coiriúil araon. Déantar comhordú freisin ar idirchaidreamh le hOifig an Stiúrthóra um Ionchúiseamh Poiblí agus le líonra an Aturnae Stáit.

3.6 Seirbhísí Corparáideacha

Dílárú

Rinne Seirbhísí Corparáideacha idirchaidreamh leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí(DJELR), Seirbhís Príosún na hÉireann (IPS) agus Oifig na nOibreacha Poiblí chun an próiseas oifig réigiúnach a bhunú san fhoirgneamh IPS i Longfort a thabhairt chun críche. Thosaigh foireann Imscrúdaithe an Mheán-Iarthair i mbun feidhme san ionad sin sa chéad ráithe de 2009.

Sláinte & Sábháilteacht

Tugadh tionscnaimh Sláinte agus Sábháilteachta chun críche lena n-áirítear Measúnú Eirgeanamaíocht foirne, agus Iniúchadh Sábháilteacht Foirgnimh. Chinntigh an Coiste Sláinte agus Sábháilteachta feidhmiú leanúnach riachtanais reachtúla agus éascaíodh timpeallacht oibre agus coinníollacha slán do gach ball foirne den GSOC.

Grúpa Oibre Glas

Lean an Grúpa Oibre Glas, (comhdhéanta d'oibrithe deonacha), a bunaíodh in 2008, ag próifíliú saincheisteanna glasa agus feidhmíodh tionscnaimh arb é a bhí mar thoradh orthu laghduithe ar úsáid fuinnimh agus coigiltis airgeadais a bhaint amach don GSOC.

3.7 Cumarsáid agus Taighde

Na Meáin

Sholáthair an rannóg freagraí fiche ceathair uair an chloig in aghaidh an lae ar fhiosrúcháin ó na meáin agus freagraíodh gach fiosrúchán a fuarthas. Bhí an tseirbhís sin oiriúnach go háirithe i ndáil le heachtraí ardpróifíle a cuireadh ar aghaidh chuig an GSOC agus a raibh gá le straitéisí meáin aonair ina leith.

Leabharlann

Chuir an Leabharlann leis an mbailiúchán ábhar agus bunachar sonraí le linn 2009. Bíonn ról tábhachtach ag an Leabharlann ag cuidiú le foirne éagsúla feadh na heagraíochta trí ábhar cothrom le dáta a bhaineann le dualgas GSOC a sholáthar. Láimhseáil an Leabharlann os cionn trí chéad fiosrúchán substaintiúil in 2009 i ndáil le saincheisteanna imscrúdaithe, dlí agus taighde.

Taighde

Chuir an GSOC i láthair páipéar do lucht éisteachta de lucht acadúla, cleachtóirí agus mic léinn póilíneachta ag comhdháil ar rialú agus ar chuntasacht póilíní, comhdháil a thionóil

Ollscoil Luimnigh; agus páipéar maidir le hiontógáil seirbhísí GSOC do chomhdháil iarchéimithe a d'eagraigh Cumann Socheolaíoch na hÉireann; rinne an GSOC cur i láthair ar *Thionscnamh Inimirce na Tríonóide* i gColáiste na Tríonóide freisin, ar an ábhar imircigh agus córas gearán na bpóilíní.

Coimeádadh comhaltas le Cumann Coireolaíochta na hEorpa agus le Cumann Taighde agus Forbartha don Cheartas Coiriúil in 2009 ar an mbunús go gcuireann an dá chumann sin ar chumas GSOC coimeád ar an eolas faoi fhorbairtí a d'fhéadfadh teacht chun cinn i dtaighde ceartas coiriúil.

Lean GSOC lena gcuid oibre comhoibritheach leis na comhlachtaí den sórt céanna i dTuaisceart Éireann agus i Sasana-An Bhreatain Bheag..

3.8 An Rannóg Polasaí

Lean an rannóg Polasaí lena gcuid oibre ar shaincheisteanna maidir le polasaí in 2009. Bhí an *Polasaí Leasa agus Cosanta Leanaí* ar cheann de na polasaí ba shuntasaí a tugadh chun críche mar aon le *Treoir Polasaí agus Próisis* chun imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin faoi alt 95 den Acht agus *Treoir maidir le Tionóiscí Tráchta Bóithre a Imscrúdú*. Bhí comhoibriú tras-aonaid agus comhchomhairliúchán idirghníomhaireachtaí go mór i gceist leis na tionscadail sin.

Ag teacht leis an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus leis an Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001, chomhordaigh rannóg Polasaí GSOC na freagraí bliantúla ó shealbhóirí gach post ainmnithe laistigh den eagraíocht agus cuireadh na freagraí sin ar aghaidh chuig an údarás iomchuí.

CAIBIDIL 4: Conclúid

Ba bhliain ghnóthach a bhí ann in 2009 don GSOC an dara bliain iomlán de ghníomhaíocht oibríochta. Bhí líon na ngearán níos ísle ná mar a bhí in 2008, ach bhí líon na líomhaintí mí-iompair in aghaidh na ngardaí, ag beagnach trí mhíle go leith, ag teacht den chuid is mó le mar a mheas GSOC ag tráth a bhunaithe mar an meán idirnáisiúnta bunaithe ar an líon a bhíonn ag freastal san Gharda Síochána. Ní raibh nádúr na líomhaintí sin an-éagsúil ó na líomhaintí a rinneadh in 2008. Agus dhá bhliain go leith de ghníomhaíocht oibríochta tugtha chun críche, is féidir le GSOC tosaigh anois ag aithint treochtaí iompair foriomlán agus beidh sin mar ghné dá chuid oibre in 2010. In 2009, d'oibrigh GSOC le bainistíocht na nGardaí chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin. Trí theagmhálacha rialta le hoifigigh sinsearacha, le Coláiste an Gharda Síochána agus le Rannáin aonair, thug GSOC na ceachtanna a foghlaimaíodh sna imscrúduithe a rinneadh chuig na gardaí ag gach céim.

Bhí an líon tarchur faoi alt 102, cásanna ina raibh dochar tromchúiseach nó bás i gceist, níos ísle ná mar a bhí in 2008. Léiríonn sin treocht ó na laethanta luath idirghníomhaíochta leis an nGarda Síochána, toisc go bhfuil tuiscint níos leithne ar na Prótacail idir an dá ghníomhaireacht agus déantar iad a thuiscint níos comhsheasmhaí ná mar a dhéantaí roimhe seo. Bhí an comhoibriú maidir le himscrúdú ar na cásanna tromhchúiseacha sin go maith dar leis an GSOC.

Tá GSOC an-bhuíoch faoin am a chaith go leor daoine aonair agus gníomhaireachtaí, lena n-áirítear Cumainn foirne na nGardaí, ag plé ábhair lena bhain leas coitinn le hoifigigh an GSOC. Cuidíonn na comhráite sin le tuiscint níos fearr a fháil ar ról GSOC agus ábhair imní a aithint ag céim luath. Cuidíonn sé freisin le muinín an phobail sa chóras a spreagadh.

Ó thaobh cúrsaí buiséid agus foirne, ba bhliain dúshlánach a bhí in 2009. D'ainneoin na ndúshlán, d'oscail an GSOC oifig réigiúnach i Longfort, feabhsaíodh tacaíocht IT do na foirne réigiúnacha eile agus comhlíonadh na hoibleagáidí reachtúla laistigh den bhuiséad.

Go hinmheánach, rinne GSOC na Rannáin a athstruchtúrú – Oibríochtaí agus Riarachán. Ba é an toradh a bhí leis an athstruchtúrú sin ná éifeachtúlachtaí níos fearr a chinntiú trí gach duine den fhoireann Cás-Oibre agus Imscrúdaithe a thabhairt isteach in aon Rannán amháin. Go seachtrach, ba é an toradh a bhí leis an athstruchtúrú sin ná beagnach deireadh a chur le riaráiste réamh-inghlacthacht a tharla sna míonna tosaigh de ghníomhaíocht oibríochta. Ba é an toradh a bhí leis freisin go bhfuair gearánaigh agus gardaí freagra níos tapúla ar ghearáin agus ar fhiosrúcháin. Táthar ag súil go ndéanfar athbhreithniú ar na héifeachtaí sin in 2010 le súil agus feabhas níos mó fiú a chur ar aschur na heagraíochta agus tuilleadh feabhais a chur ar an tseirbhís do na geallsealbhóirí go léir.

Tá an reachtaíocht faoina n-oibríonn GSOC lárnach don tseirbhís a sholáthraítear. Bíonn comhráite faoi leasuithe reachtúla ag dul ar aghaidh go leanúnach agus táthar buíoch don DJELR don chúnamh a bhíonn ar fáil sa phróiseas sin. Cuireadh tús le comhráite leis an nGarda Síochána maidir leis na prótacail faoi idirghníomhú an dá ghníomhaireacht in 2009 agus rinneadh go leor dul chun cinn. Tá an próiseas sin ag dul ar aghaidh go leanúnach.

Tríd agus tríd, chuir an GSOC leis an gcaidreamh a bhí idir iad, agus an Garda Síochána go háirithe, i rith na bliana. Cuirfidh na caidrimh sin, mar aon le hathruithe atá molta ar na Prótacail agus leasuithe reachtúla atá molta ar chumas an GSOC a ról maoirsithe agus freagracht a fheabhsú tuilleadh, lena n-áirítear cultúr níos láidre freagrúlachta do ghearáin, agus ní atá ríthábhachtach, muinín níos mó ón bpobal a spreagadh sa chóras ina iomláine.

AGUISÍN1 Príomhtháscairí Feidhmíochta (seachtrach)

Príomhtháscairí Feidhmíochta (seachtrach)
AN RANNÁN OIBRÍOCHTA

Glaonna teileafóin le freagairt laistigh de 60 soicind.
Cuairteoirí chuig an oifig phoiblí le bualadh le hOifigeach Cáis laistigh den fhráma ama atá comhaontaithe.
Aitheantas do ghearáin laistigh de 24 uair an chloig.
Fógra do HRM Gardaí go bhfuarthas gearáin laistigh de 24 uair an chloig.
Inghlacthacht a aimsiú i gcásanna nach mbíonn casta laistigh de cheithre seachtaine.
Dul i dteagmháil le gearánaigh nuair a bhíonn tuilleadh eolais á lorg laistigh de dhá sheachtain ó fhaightear an gearán i gcásanna a bhíonn níos casta.
Páirtithe a chur ar an eolas maidir le cinnteacht inghlacthacht Réiteach Neamhfhoirmiúil laistigh de dhá sheachtain ó dhéantar an cinneadh inghlacthachta.
Cásanna Réiteach Neamhfhoirmiúil a réiteach, a fhormhéadú nó a scor laistigh de 8 seachtaine.
S94(1) páirtithe a chur ar an eolas maidir le cinneadh inghlacthachta laistigh de dhá sheachtain ó dhéantar an cinneadh inghlacthachta.
An gearánach a chomhairliú/eolas cothrom le dáta a thabhairt dó/di maidir leis an ngearán laistigh de 28 lá.
Imscrúdú ar ghearáin ainmnithe s.98 a thabhairt chun críche laistigh de 24 seachtain.
Imscrúdú ar ghearáin ainmnithe s.95 a thabhairt chun críche laistigh de 14 seachtain.
Imscrúdú ar ghearáin ainmnithe s.94(5) a thabhairt chun críche laistigh de 20 seachtain.
Imscrúdú ar chásanna a tharchuirtear faoi s.102 a thabhairt chun críche laistigh de 20 seachtain.
AN RANNÁN RIARACHÁIN

Fiosrúcháin nuachta-meáin a fhreagairt i rith uaire oibre laistigh de dhá uair an chloig.
Fiosrúcháin nuachta-meáin a fhreagairt lasmuigh d’uaire oibre laistigh de ceithre uair an chloig.
Freagairt d’iarratais ar eolas ó ghníomhaireachtaí Stáit eile laistigh de 24 uair an chloig.
Freagairt d’iarratais ar eolas ón bpobal laistigh de 24 uair an chloig.
Aitheantas a thabhairt ar fháil Cheisteanna Parlaiminte (chuig an DJELR) laistigh de lá oibre amháin.
Freagraí/deonachán substaintiúil a chur ar aghaidh chuig an DJELR laistigh den fhráma ama a shonraíonn an Roinn.
Aitheantas a thabhairt ar fháil Iarratais ar Rochtain ar Shonraí laistigh d’aon lá amháin oibre.
Freagairt d’Iarratais ar Rochtain ar Shonraí laistigh den spriocdháta reachtúil (40 lá uasta.).
Aitheantas a thabhairt ar iarratais ar Shaoráil Faisnéise laistigh d’aon lá amháin oibre.
Aitheantas ar fháil Uiríll laistigh d’aon lá amháin oibre.
Freagraí a eisiúint ar Uiríoll laistigh de thrí lá oibre ó fhaightear an t-ábhar ón Rannán/Roinn GSOC iomchuí.
Seirbhísí ICT a choimeád ag leibhéal a chinntíonn uastréimhse neamh-infhaighteachta de 5% in aghaidh na bliana d’úsáideoirí na seirbhíse.
Comhlíonadh iomlán le príomhphrionsabail fála; a chinntiú go gcomhlíontar Luach ar Airgead.

Aguisín 2 Gníomhaíochtaí Oiliúna agus Forbartha

Cuireadh oiliúint ar fáil maidir leis na réimsí a leanas

- Oiliúint PMDS (Réamhrá)
- Oiliúint PMDS (Cuid 2)
- Láimhseáil Taispeántán
- Daoine Leochaileacha a bhainistiú
- Oiliúint maidir le Cosaint Leanaí
- Oiliúint Cásbhainistithe
- Imscrúduithe Láithreacha Coire
- Arm Tine a Úsáid
- Dúnbhású a Imscrúdú
- Microsoft Excel
- Tionscadal Microsoft
- Oiliúint Balla Dóiteáin
- Aslonnú Sábháilte
- Forbairt Oifigeach Cléireachais
- Cosaint Sonraí
- Fáil
- Oiliúint d’Imscrúdaitheoirí – measúnú leanúnach (Ollscoil Portsmouth)
- Ard-Oiliúint Imscrúdaitheach
- Freastalaí MSQL
- Comhdháil Dlí Coiriúil
- Líonra Rúnaithe Cúnta
- Líonra Oifigigh Oiliúna Rannach
- Comhdháil Ombudsman na Breataine agus na hÉireann
- Ainmniú Láithreacha, Gabháil agus Coinneáil

Sa bhreis ar na cúrsaí oiliúna agus ar na comhdhálacha a freastalaíodh orthu, tugann GSOC acmhainní don fhoireann maidir le cáilíochtaí 3ú leibhéal tríd an scéim 'um Aisíoc Táillí' a chur chun cinn. Bhí foireann de chuid an GSOC rannpháirteach sna hábhair staidéir a leanas sa bhliain acadúil 2009-2010.;

- PhD i Rialachas x 2
- MA i mBainistíocht Phoiblí x 3
- BA sa Ghaeilge
- Teastas sa Státseirbhís agus in Eagraíochtaí Stáit x 2
- BSc (Onóracha) i mBainistíocht Acmhainní Daonna
- BA i mBainistíocht Acmhainní Daonna